Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2018**
**(OR. en)**

**8110/18**
**ADD 3**

**JAI 323**
**COPEN 104**
**CYBER 66**
**DROIPEN 53**
**JAIEX 27**
**ENFOPOL 171**
**TELECOM 94**
**DAPIX 106**
**EJUSTICE 27**
**MI 269**
**IA 101**
**CODEC 577**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 119 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla agus Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le ceapadh ionadaithe dlíthiúla chun fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 119 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 119 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.4.2018
SWD(2018) 119 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla**
**agus**
**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le ceapadh ionadaithe dlíthiúla chun fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla**

{COM(2018) 225 final} - {COM(2018) 226 final} - {SWD(2018) 118 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnú tionchair i gcomhair togra**<br>**chun rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach a fheabhsú in ábhair choiriúla** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| **Cuireann deacrachtaí** a bhaineann le **rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach** bac ar imscrúdú agus ar ionchúiseamh éifeachtach i dtaca le coireacht san Aontas Eorpach. Tá easpa éifeachtúlachta ag baint le comhar breithiúnach idir údaráis phoiblí, le comhar idir údaráis phoiblí agus soláthraithe seirbhíse, agus leis an rochtain dhíreach atá ag údaráis phoiblí ar fhianaise leictreonach. Mar thoradh air sin, stoptar imscrúduithe, ní ghearrtar aon phionós i leith coireanna, ní thugtar cosaint leordhóthanach d'íospartaigh agus mothaíonn saoránaigh an Aontais nach bhfuil siad chomh sábháilte agus a d'fhéadfaidís a bheith.<br><br>Déantar sainaithint ar thrí fhadhb sa mheasúnú tionchair:<br>1. Tógann sé **rófhada** rochtain a fháil ar fhianaise leictreonach thar theorainneacha faoi na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le **comhar breithiúnach**, agus dá bharr sin bíonn na himscrúduithe agus na hionchúisimh níos neamhéifeachtaí.<br>2. Cuireann neamhéifeachtúlacht sa **chomhar príobháideach poiblí** idir soláthraithe seirbhíse agus údaráis phoiblí srian ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh éifeachtacha.<br>3. Féadann easnaimh i dtaca le **dlínse** a shainmhíniú bac a chur ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh. |
| **Cad is gá a bhaint amach?** |
| Is é atá mar chuspóir **ginearálta** leis a áirithiú go ndéanfar coireanna san Aontas Eorpach a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach trí fheabhas a chur ar an rochtain ar fhianaise trasteorann le comhar breithiúnach feabhsaithe i gcúrsaí coiriúla agus comhfhogasú a dhéanamh ar rialacha agus nósanna imeachta.<br>Tá trí cinn de chuspóirí **sonracha** ann:<br>1. **Laghdú a dhéanamh ar mhoilleanna** maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach;<br>2. **Rochtain** trasteorann ar fhianaise leictreonach a **áirithiú** san áit a bhfuil sé **easnamhach faoi láthair;**<br>3. **Deimhneacht dhlíthiúil**, **cosaint cearta bunúsacha**, **trédhearcacht** agus **cuntasacht** a fheabhsú. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Ó tharla go bhfuil baint ag ceisteanna **trasteorann** leis an tionscnamh seo, ní fhéadfaidh tíortha aonair an Aontais na fadhbanna i dtrácht a réiteach. Ina theannta sin, ó tharla go mbaineann an oiread sin éagsúlachta le cuir chuige dlíthiúla, go bhfuil líon mór réimsí beartais i gceist (slándáil, an dlí coiriúil, cearta bunúsacha lena n-áirítear cosaint sonraí, ceisteanna eacnamaíocha) agus an réimse mór de pháirtithe leasmhara, is é leibhéal an Aontais an leibhéal is oiriúnaí chun díriú ar na fadhbanna a sainaithníodh.<br>Chomh maith leis sin, éascaíonn beart ag leibhéal an Aontais an comhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad, go háirithe na Stáit Aontaithe; tá sé sin tábhachtach, mar is minic a bhíonn gá rochtain a fháil ar fhianaise leictreonach go hidirnáisiúnta, agus é sin a dhéanamh i dtíortha atá lasmuigh de theorainneacha an Aontais. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth?** |
| **Rogha A**: gníomh **neamhreachtach** (i.e. bearta praiticiúla chun an comhar breithiúnach i measc údaráis phoiblí a fheabhsú agus comhar díreach a bhunú idir údaráis phoiblí agus soláthraithe seirbhíse)<br>**Rogha B:** rogha A + **comhaontuithe idirnáisiúnta**<br>**Rogha C:** rogha B + **Reachtaíocht** maidir le comhar díreach (**Ordú Eorpach chun Fianaise a Thabhairt ar Aird + rochtain ar bhunachair sonraí**)<br>**Rogha D:** Rogha C + reachtaíocht maidir le rochtain dhíreach<br>**Is í Rogha D an rogha thosaíochta,** ó thaobh cáilíochta de agus i dtéarmaí costas agus buntáistí. |
| **Cad iad na tuairimí atá ag na páirtithe leasmhara éagsúla i dtrácht? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |

| |
|---|
| Reáchtáladh comhairliúcháin fhairsinge leis na páirtithe leasmhara thar thréimhse a mhair níos faide ná 18 mí. Tharraing údaráis phoiblí i dtíortha an Aontais aird ar na príomhcheisteanna seo a leanas: an t-achar ama a thógann sé iarraidh a phróiseáil, an easpa comhar iontaofa le soláthraithe seirbhíse, an easpa trédhearcachta agus, i gcás bearta imscrúdaitheacha, éiginnteacht dhlíthiúil maidir le dlínse.<br>Dúirt soláthraithe seirbhíse agus roinnt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta go raibh deimhneacht dhlíthiúil bunriachtanach chun comhar díreach le húdaráis phoiblí a chumasú agus nár mhór easaontachtaí dlí a sheachaint.<br>Chuir roinnt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta i gcoinne reachtaíochta ag leibhéal an Aontais maidir le comhar díreach; ina ionad sin, b'fhearr leo feabhas a chur ar na nósanna imeachta a bhaineann le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta i measc na bpríomhroghanna)?** |
| Mar thoradh ar an tionscnamh, táthar ag súil go mbeidh imscrúduithe agus ionchúisimh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, go bhfeabhsófar trédhearcacht agus cuntasacht, go ráthófar urraim do chearta bunúsacha, agus go gcothófar muinín sa mhargadh aonair digiteach trí shlándáil a fheabhsú agus trí mhaolú a dhéanamh ar an tuairim atá ann nach ngearrtar pionós i leith coireanna a dhéantar ar ghléasanna líonraithe nó trí ghléasanna líonraithe. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann do rogha thosaíochta i measc na bpríomhroghanna)?** |
| Is costais **riaracháin** iad, a bhaineann le **trasuíomh agus forfheidhmiú** na rogha tosaíochta ag tíortha an Aontais agus le **comhlíonadh** na soláthraithe seirbhíse:<br>• Meastar go mbeidh **Costais aonuaire** de **EUR 3.3m** ann i gcás thíortha an Aontais agus **EUR 1.7m** i gcás soláthraithe seirbhíse.<br>• Ní thabharfar isteach aon chostais athfhillteacha leis an rogha thosaíochta. Ina ionad sin, tá sé measta go nginfear coigilteas athfhillteach a bheidh níos mó ná **EUR 7.1m** in aghaidh na bliana i gcás na mBallstát agus níos mó ná **EUR 4.3m** in aghaidh na bliana i gcás soláthraithe seirbhíse. |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Ba chóir go mbeadh tionchar dearfach ag **Deimhneacht dhlíthiúil** agus ag **caighdeánú** nósanna imeachta ar FBManna, de bhrí go laghdófaí an t-ualach riaracháin agus go gcuirfí leis an iomaíocht dá mbarr. |
| **An imreofar aon tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Táthar ag súil go mbainfidh costais le cur chun feidhme na rogha tosaíochta i dtús báire, ach san fhadtéarma, go gcúiteofaí na costais sin mar go dtiocfadh **laghdú** ar na costais athfhillteacha. Bheadh ar na húdaráis náisiúnta iad féin a chur in oiriúint do nósanna imeachta nua agus dul faoi oiliúint. Mar sin féin, ba chóir go mbainfeadh na húdaráis tairbhe as **sruthlíniú agus as lárú**, as oiliúint bhreise agus as an gcreat soiléir dlíthiúil a rialódh iarrataí ar rochtain ar shonraí, agus ba chóir go nginfí gnóthachain éifeachtúlachta dá mbarr. Ar an gcaoi chéanna, de bhrí go laghdódh an rogha thosaíochta an brú ar na bealaí don chomhar breithiúnach, ba chóir go dtiocfadh laghdú ar líon na n-iarrataí is gá do thíortha a phróiseáil. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Níor mhór do sholáthraithe seirbhíse iad féin a chur in oiriúint do chreat reachtach nua trí nósanna imeachta nua a thabhairt isteach, oiliúint a chur ar an bhfoireann, agus, b'fhéidir, ionadaí dlíthiúil a cheapadh. Bheadh **costais** áirithe ag baint le bearta praiticiúla a chur chun feidhme, cé nach mbeadh sé éigeantach sin a dhéanamh. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar sholáthraithe seirbhíse dul i ngleic le breis iarrataí, rud a d'ardódh na costais a bhainfeadh le comhlíonadh. Os a choinne sin, d'fhéadfadh creat comhchuibhithe laghdú a dhéanamh ar an ualach atá ar na soláthraithe sin a bhíonn ag freagairt d'iarrataí ar shonraí nach inneachar iad faoi láthair agus go mbíonn orthu na hiarrataí sin a mheas faoi na dlíthe éagsúla sna Ballstáit go léir.<br>Bheadh **tionchair shóisialta** a bheadh dearfach ag imscrúduithe níos éifeachtaí ina mbeadh rochtain ar fhianaise leictreonach trasteorann, lena n-áirítear go bhféadfadh laghdú teacht ar choireacht de bharr go mbeadh bac níos mó uirthi.<br>Tá **coimircí** leordhóthanacha sa rogha thosaíochta lena áirithiú go bhfuil na bearta atá san áireamh ann ag luí go hiomlán le **cearta bunúsacha**.<br>Níor braitheadh aon **tionchar timpeallachta** a bhí suntasach. |

| Comhréireacht? |
|---|
| Thabharfaí isteach leis an rogha thosaíochta rialacha agus nósanna imeachta chun an rochtain trasteorann atá ag údaráis náisiúnta breithiúnacha ar fhianaise leictreonach a fheabhsú, agus bheadh coimircí follasacha iontu a bheadh bunaithe ar riachtanas agus ar **chomhréireacht.**<br><br>Ní leagfaí oibleagáidí díréireacha ar an earnáil phríobháideach (lena n-áirítear FBManna) ná ar dhaoine aonair leis an rogha thosaíochta. Ina ionad sin, thabharfaí isteach foireann de bhearta léi a mbeifí ag súil go gcuirfidís **buntáistí** suntasacha ar fáil, idir bhuntáistí ábhartha agus bhuntáistí doláimhsithe.<br><br>Ní théitear thar a bhfuil riachtanach leis an rogha thosaíochta chun an fhadhb bhunaidh a réiteach agus chun **na cuspóirí sainithe** a bhaineann le beart an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an tionscnaimh d'fhonn a mheas ar comhlíonadh na cuspóirí beartais. Ba cheart go mbeadh **an mheastóireacht** sin ann **cúig bliana** tar éis an sprioc-ama chun an gníomh reachtach a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin go mbeadh dóthain ama imithe thart chun go bhféadfaí measúnú suntasach a dhéanamh ar an dlí agus ar an gcleachtas sna mBallstáit rannpháirteacha go léir. |